



16/12/2014

NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Beallairmín, An Chéim, B.Á.C. 18

Féile na Nollag Christmas Carol Service R1 go R6

Beidh Féile na Nollag ar siúl amárach Céadaoin an 17 Nollaig i halla na scoile ag a 1.00pm. Daltaí ranganna 1-6 a bheidh ag glacadh páirte sa cheiliúradh seo. Cuirimid lán-fháilte roimh thuismitheoirí uile na scoile a bheidh i láthair ag an ócáid speisialta seo.



Os rud é go mbeimid gann ar spás sa halla ní bheidh daltaí ó ranganna na naíonáin (N1 & N2) in ann a bheith sa halla i rith an seirbhís carúil. Beidh Féile na Nollag feicthe acu níos luaithe an mhaidin sin. Tá fáilte roimh thuismitheoirí na naíonáin nó thuismitheoirí le páistí óga freastal ar an gcleachtadh seo a bheidh ar siúl ag 9.30am

Beidh na naíonáin shóisearacha & shisearacha ag dul abhaile ag an gnáth am 1.30pm. Má tá páistí leat sna naíonáin & páistí eile sa seó tabharfar aire do do naíonáin i seomra N1A go dtí go bhfuil an seó thart.

*We will be holding a Christmas Celebration tomorrow Wednesday the 17th of December at 1.00pm in the school hall. All pupils from 1st to 6th class will be participating in this celebration. We cordially invite all parents to join us at this special occasion.*

*As we will be pushed for space in the hall children from the infant classes (N1 & N2) will not be able to be in the hall during the Christmas celebration. They will attend a rehearsal of the celebration earlier in the day. Parents of Junior and Senior Infant children or parents with young children are welcome to attend this rehearsal at 9.30am.*

*Junior & senior infants will be going home at the usual time of 1.30pm. Infant children who have older siblings in the school whose parents are attending Féile na Nollag will be minded in N1A until the show is over.*

## Lá Nollag na mBan The Feast of the Epiphany

Tosaíonn an téarma scoile nua ar an Luan an 5 Eanáir 2015. Beidh aifreann scoile againn ar an Mháirt an 06 Eanáir - Lá Nollag na mBan, Beidh an tAthair Leon Ó Giolláin ag teacht isteach le hAifreann a léamh dúinn ag a 12:00. Tá fáilte roimh thuismitheoirí freastal ar an aifreann.



*The new school term starts on Monday the 5th of January 2015. The following day Tuesday the 6th of January is the feast day of the Epiphany we have asked an tAthair Leon Ó Giollain to come and celebrate mass for us. The mass will be at 12.00 o'clock. Parents are most welcome to attend.*

Saoire na Nollag  
Christmas Break  
Scoil ag Dúnadh : School Closing  
Aoine : Friday 19/12/14  
12.00 a chlog

## Ceachtanna Snámha

Beidh daltaí R2 ag freastal ar cheachtanna snámha ón 09/01/2015 ar feadh 9 seachtainí. Costas €65 (len íoc i mí Eanáir).

*Rang a 2 will be attending swimming lessons from the 09/01/15 for 9 weeks. Cost €65 (to be paid in January)*





## Bronntanas Rúnda

Ná Déan Dearmad - Beidh siopa na mbronntanais rúnda ar oscailt sa scoil ar an Déardaoin. Is ag na daltaí amháin a bheidh cead bronntanaisí a cheannach - bronntanas do mham & bronntanas do dhaid. €2 an bronntanas. Ná déan dearmad €4 a bhreith leat ar scoil ar an Déardaoin.

Don't Forget 'Siopa Bronntanas Rúnda' open on Thursday for one day only. Shop open only to the pupils. A present can be bought for mom and dad at the fabulous price of €2 each. Please remind children to bring their €4 in to school with them on Thursday



## Lá gan Éide Scoile : No Uniform Day

### Baillúchán ar son 'Teach Ronald McDonald' Crumlin

Bhí Nollag an-bhrónach ag ár gclann anuraidh mar go raibh ár gColceathar Daniel Crowley (13) an-tinn. Bhí sé in ospidéal na bpáistí i gCroitlinn agus bhíomar ag dul isteach is amach ar cuairt aige beagnach gach lá.

Go mí-ábharach bhí sé ró-thinn agus fuair sé bás agus bhíomar ar fad an-bhrónach faoi. Bliain níos déanaí ba mhaith linn rud éigean a dhéanamh le cuidiú le páistí eile cosúil leis atá tinn san ospidéal.



Alex, Ross & Evan Binley

Ar an Aoine seo beidh cead ag na páistí teacht isteach ar scoil gléasta i jeans, & geansaí (ceann Nollaig má tá ceann agat). Baileoimíd €1 an duine i gcuimhne Daniel agus páistí eile atá tinn. Tabharfaimíd an t-airgead a bailítear do theach Ronald McDonald i gCroitlinn.

Scríofa ag Evan Binley R4A

The children can come to school on Friday dressed in Jeans and a Jumper (a Christmas one if they have one). This day is being organised by Evan Binley in R4A and his brothers Alex R6 and Ross R2B in memory of their cousin Daniel Crowley aged 13 who sadly passed away last year. They would like the proceeds of this collection to go The Ronald McDonald House, Crumlin Hospital.

## Maidin Caifé na Nollag Christmas Coffee Morning

Tá maidin caifé na Nollag á reachtáil ag Coiste na dTuismitheoirí i halla na scoile ar an Aoine an 19/12/14 ag a 9.00am. Seans íontach is ea é bualadh le tuismitheoirí eile agus dreas cainte agus clabaireachta a dhéanamh! Beidh Cannchur Nollag ar an lá sin freisin agus cá bhfios ach go gcloisfeá roinnt carúil nollaig ó na páistí freisin!

Coiste na dTuismitheoirí are holding a coffee morning in the school hall on Friday morning the 19th of December at 9.00am. It's a great opportunity to get to know other parents in the school and just have a general chat and good 'gossip'! There will be a Christmas Raffle during the coffee morning & who knows a bit of carol singing might be thrown in for good measure!

